V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11225 – APOLLO / APPLUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 325/06)

1. An 8 Meán Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Apollo Management X, L.P. ('Apollo Management X', Stáit Aontaithe Mheiriceá), faoi rialú Apollo Global Management Inc. ('AGM', Stáit Aontaithe Mheiriceá)

— Applus Services, S.A. ('Applus', an Spáinn)

Gheobhaidh Apollo Management X rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Applus ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta é Apollo Management X a bhaineann le AGM, bainisteoir malartach sócmhainní domhanda a bhfuil a cheanncheathrú i gCathair Nua-Eabhrac. Cuireann AGM réitigh chaipitil nuálacha ar fáil do ghnólachtaí agus infheistíonn sé i ngach cuid den struchtúr caipitil agus i roinnt tionscal, lena n-áirítear acmhainní nádúrtha, monaraíocht agus tionsclaíocht, oideachas, árachas, seirbhísí airgeadais, agus gnólachtaí fóillíochta.

— Is cuideachta phoiblí é Applus a bhfuil a cheanncheathrú in Barcelona agus tá sé gníomhach ar fud an domhain i soláthar seirbhísí tástála, cigireachta agus deimhniúcháin (TIC). Cruthaíodh Applus in Barcelona in 1996 laistigh de Agbar Group. Is laistigh de na ceithre réimse gnó a leanas atá na gníomhaíochtaí a dhéanann Applus: (i) Mótarfheithiclí; (ii) Fuinneamh agus Tionscal; (iii) Roinn Idiada; agus (iv) Saotharlanna Applus.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Mar sin féin, forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11225 – APOLLO / APPLUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË